# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán

Oifig: 095 33 613 ~ Guthán: 086 302 4158 Mí Meitheamh 2021

**COVID-19**

Chuaigh ríomhphost amach ag chuile chlann i mí Bealtaine ag déanamh meabhrú maidir le tinneas ar scoil, agus Plean Scoile COVID-19. Meabhraítear go gcaithfear páistí a chur abhaile ón scoil má tá comharthaí tinneas orthu. Tá muid fós ag cloí leis an rial seo cé go bhfuil an tír ag oscailt suas arís. Is ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht ar scoil atá muid. *An email went out to the school community in May regarding illness at school and our School COVID-19 Plan. We remind parents that children who show symptoms of illness will be sent home immediately. We are still adhering to our COVID-19 plan, even though the country is opening up again – it is our duty to be vigilant regarding health and safety at school.*

**Folúntas ar an mBord Bainistíochta**

Cuirimís fáilte roimh ainmniúcháin d'Ionadaí Máthair ar an mBord anois, tá síneadh ama curtha le h-iarratais go dtí Dé hAoine beag seo, 18ú Meitheamh. Is bealach mhaith é seo chun cabhrú le Pobal na Scoile agus cur le do CV. *All mothers are welcome to put their name forward for Board of Management Nominations. Entry time has been extended to Friday 18th of June. Being on a Board of Management is a great way to help your school community and add to your CV.*

**Tuairiscí Scoile**

Tá na tuairiscí scoile ag dul amach sa phost ar an 18ú Meitheamh. Beidh na Leabhar liostaí, féilire agus liosta éide scoile ag dul ar an suíomh idirlíon chomh luath is atá siad reidh againn.

**July Provision & Campa Spraoi, Litearthacht, Mata**

Tá dhá thacaíocht scoile ar fáil sa scoil i Mí Meitheamh:

1. **July Provision:** Tá i gceist againn an July Provision a rith ón 28ú Meitheamh go 9ú Iúil ar láthair na scoile, ón 10 r.n. go 2 i.n. Tá an scoil ag déanamh teagmháil le na tuismitheoirí gaolmhara i láthair na huaire. Beidh Múinteoir Clíona, Múinteoir Seán & Cúntóir Ann ag obair ar July Provision.
2. **Campa Spraoi, Litearthacht agus Mata Naíonáin Bheaga, Rang 1, 2, 3, 4** Beidh Campa Spraoi, Litearthacht & Mata ar siúl do pháistí Naíonáin Bheaga, Rang a 1, 2, 3, 4 ón 28ú Meitheamh – 2ú Iúil. Beidh Múinteoir Aishling ag obair ar an gCampa seo.

**Aladdin E-Payments**

Tá an scoil tar éis córas íocaíochta ar líne a shocrú suas le "Aladdin E-Payments". Is féidir le tuismitheoirí íocaíochtaí éagsúla a chur isteach ar scoil tríd an gcóras seo ar an bhfón póca anois, in áit bheith ag cur airgead tirim isteach le páistí. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh tríd nasc ar do fón.

**Coiste na dTuistí: Costaisí Cóipleabhair, Fillteáin, Gliú, Dathanna, Pinn Luaidhe & ábhair eile**

Iarrtar ar thuismitheoirí €10 an páiste a chur ar aghaidh chuig na scoile chun na costaisí thuas luaite a chlúdú don bhliain seo chugainn 2021 - 2022. *Parents are asked to send €10 per child to cover the costs above for the school year 2021 – 2022.*

Tá lascaine le fáil ag teaghlaigh de thriúr páistí, ag costas €25. *Discounts available for families of 3 children, at €25.*

Tá Coiste na dTuismitheoirí ag cur €10 an páiste i dtreo na costaisí seo freisin, is iontach an rud é seo agus tá muid fíorbhuíoch dóibh. *Coiste na dTuismitheoirí is giving €10 per child towards these costs also, we are very grateful to the Coiste for their help.*

Is féidir é a íoc tríd "Aladdin E-Payments". Iarrtar oraibh ainm & teideal íocaíochta a chur mar theachtaireacht ar an ráitéas. *(This cost can be paid through Aladdin E-Payments. Please put your name and title of payment, i.e. "Seán & Máire Ealaín" on the message for the statement.)*

Go raibh míle maith agaibh.

**Nóta ó Choiste na dTuismitheoirí**

Ba mhaith le Coiste na dTuismitheoirí buíochas mór millteach a ghlacadh le chuile thuismitheoir agus gasúr a thug cúnamh dúinn ar aon bhealach i mbliana. Buíochas speisialta le foireann na scoile a thugann chuile thacaíocht dúinn i gcónaí. Bliain chrua gan mórán deis againn airgead a bhailiú ná imeachtaí a eagrú, ach mar sin féin d'éirigh an-mhaith leis na rudaí a rinneamar. Rinne muid iarracht an clós a dhéanamh níos tarraingtí, chomh maith le roinnt obair shábháilteachta taobh amuigh. Neart eile le déanamh agus ní bheidh muid díomhaoin sa samhradh. Tá súil againn tuilleadh tuismitheoirí a mhealladh ar an gCoiste i Meán Fómhair!

**Junior Entrepeneurs Programme**

Thug rang Cháit faoi thionscnamh an "Junior Entrepreneurs" i mbliana. Is iontach an smaoineamh é seo, ina bhfaigheann páistí deis obair i bhfoirne le chéile i dtreo smaointe chun gnólachtaí éagsúla a chruthú. Rinne na páistí taispeántas le Powerpoint don Rang agus na moltóirí. Bhí an bua ag smaoineamh Róisín Breathnach, ar a dtugtar "Craic don Chlann". Tá go leor ordaithe tagtha isteach! Ár míle buíochas ó chroí le Múinteoir Cáit as an deis iontach seo a thabhairt do na gasúir.

**Ag fágáil slán le Rang a 6 ☹**

Is le brón ach le dea-chuimhní cinn a fhágann muid slán le Rang a 6 i mbliana! Thosaigh Bróna, Conall, Diana, Emily, Jeaic, Katie, Kayleigh, Liam agus Ruth linn i Meán Fómhair 2013 sna Naíonáin Bheaga. Is mór an fás agus forbairt atá déanta acu le hocht mbliana anuas le linn a gcuid ama anseo i Scoil Naomh Ciarán!

*Lá Domhanda na Leabhair, 2019*



## Lá Amach do Rang a 6

Mar chuid de chéiliúrtha éagsúla deireadh an bhunscolaíocht do Rang a 6, thug Múinteoir Cáit siar Tí Richard iad le haghaidh pizza. Freisin, tá lá amach eagraithe ag Cáit dóibh ar an 22ú Meitheamh, go háitiúil anseo i gCill Chiaráin. Tá sé faoi rún faoi láthair, gheobhaidh siad amach céard é féin go luath! ☺



*Lá na nGeansaithe Nollag, 2019*

Is daoine gaelach, oilte, cróga, cruthaitheach, ealaíonta, cairdiúil, sóisialta, cineálta, spóirtiúil, aclaí, láidir, misniúil iad Rang a 6, agus thaispeáin siad fíor dhea-shampla do na páistí ar fad i SNC le blianta beaga anuas. Tá foireann SNC thar a bheith bródúil astú agus an dul chun cinn atá déanta acu.
Tá míle fáilte i gcónaí roimh Rang a 6 theacht ar ais go SNC ar a n-aistear foghlama, ar thaithí oibre nó go deimhin ar cleachtadh múinteoireachta amach anseo! Gabhaimís gach adh agus rath ar Rang a 6 agus iad ag thabhairt faoi an chéad céim eile ina gcuid saoil óga! Tá muid fíor bhródúil astu, Maith sibh Rang a 6!

## An Ghaeilge & Cartaí Glasa SNC

Tá muid suite i gcroílár na Gaeltachta anseo i SNC agus is iontach an cúis bród í go bhfuil bá nádúrtha ag páistí na scoile seo do theanga ár dtír.

Meabhraítear do phobal na scoile gur í ***An Ghaeilge*** teanga comhráite agus gnó na scoile. Tá sé de rún againn gasúir na scoile a spreagadh i dtreo comhrá as Gaeilge go nádúrtha, agus grá don Ghaeilge a mhuscailt.

Tá córas nua na gCartaí Glasa tosaithe sa scoil. Gach am lóin, beidh foireann na scoile ag éisteacht le na gasúir agus iad i mbun spraoi, caint agus cómhrá.

Má chloiseann muid Gaeilge, agus má fheiceann muid go bhfuil iarracht á dhéanamh ag na páistí, gheobhaidh siad Carta Glas.

Beidh duaiseanna gach Aoine do na ranganna a ghnóthaíonn an líon is mó cartaí glasa, ar nós oíche saor ó Obair Bhaile, lá na scannán, tráthóna Órga ar scoil. Beidh duais speisialta ón bPríomhoide nuair a shroicheann na ranganna 100 agus 150 Cárta

### Duaiseanna!

***100 Carta Glas ag do Rang:***
***Bráisléad "An Ghaeilge" do chuile dhuine***



Glas. Ár míle buíochas ó chroí le Máistreás Clíona atá ag stiúradh an togra seo sa scoil. ☺

**AN GHAEILGE**
**Is leat í, labhair í!**
**Gaeilge i mo Chroí**




***150 - 200 Carta Glas ag do Rang: Fáinne Óir do chuile dhuine***

***Nuacht dheas le linn Téarma a 3***



*Tháinig Spot agus Pearl ar cuairt ar SNC le gairid! Bhí an-spóirt agus spraoi againn leo! Míle buíochas le Liam, Clíona & Maryanne Uí Mhadaoin a thug isteach ar cuairt againn iad ☺*





## *Lá Spóirt SNC,*
## *Déardaoin 17ú Meitheamh 2021*

***Ionad: Astro Cill Chiaráin***

- **Teastóidh**: uachtar gréine, briste gearra, t-léine agus geansaí na scoile
- Lón sláintiúil, torthaí, 2x buidéal uisce
- Fág na páistí ar Scoil ag an gnáth am
- Siúlfaidh muid soir ag an Astro ar an gcosán nua don chéad uair 🤩
- Cluichí on 10:00 r.n go dtí 1:00 i.n.
- Cluiche peile Rang a 6 v Múinteoirí ag 1:00 – 1:30 i.n. 🤪
- Is féidir le páistí Naíonáin Bheaga dul abhaile ag 1:30 i.n ón Astro le bhur dtoil
- Gach duine eile ag siúl ar ais ar scoil agus abhaile ag gnáth am 3:00 i.n.
- Beidh porta-loo thoir ann
- Is féidir teagmháil a dhéanamh le múinteoirí ar an fón scoile, 086 302 4158

Le dea ghuí,

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.